

Plean Scoile Gaeilge

DPETNS

Uimhir Rolla:20161M

Réamhráiteas

Rinne Micheál Garvey, Niamh Kershaw agus Aideen Farrelly athbhreithniú ar an bplean i mBealtaine 2018. Thug siad seans don foireann múinteoireachta dréacht an phlean a léamh agus a dtuaramí a roinnt le chéile. Sé sprioc an choiste go mbeadh gach múintoir i ann an ohlean a úsáid mar cháipéis úsáideach ranga agus iad i mbun pleanála.

Fís agus Aidhmeanna

Bunaíodh DPETNS i 2002 agus i DPETNS ba mhaith linn go mbeadh meas ag na páistí ar an dteanga agus go mbeadh cumas cumarsáide acu inti (go mbeidh siad in ann an Ghaeilge a thuiscint agus a úsáid sa rang agus taobh amuigh den rang). Is scoil “Educate Together” í DPETNS; scoil ilchreideamh le cailíní agus buachaillí agus siad na h-aidhmeanna a churimid chun béim a chur orthu ná:

- dearcadh dearfach i leith na Gaeilge a chothú
- taitneamh a bhaint as foghlaim na Gaeilge
- cumas éisteachta agus labhartha a chothú
- cumas léitheoireachta agus scríbhneoireachta a chothú go leibhéal oiriúnach .
- úsáid na Gaeilge mar ghnáth theanga cumarsáide a chur chun cinn chomh fada agus is féidir.

Tá na h-aidhmeanna eile le feiceáil ar *leathanach 14* den churaclam.

Ábhar an Phlean

Cur chuige Cumarsáideach (treoirlínte lch.58)

Tá ancur chuige seo bunaithe ar dheiseanna a thabhairt do pháistí cumarsáid a dhéanamh. Sa chur chuige cumarsáideach caithfear diriú ar riachtanaisí teanga na bpáistí agus a chinntiú go bhfuil baint ag na topaicí/teanga atá roghnaithe le saol an pháiste. Má dhéantar seo beidh níos mó suime ag an bpáiste a bheith gníomhach san fhoghlaim. Beidh sé/í in ann na feidhmeanna teanga a húsáid, mar shampla, slán a fhágáil, ceist a chur srl. Tá cumarsáid mar sprioc le gach ceacht Gaeilge.

Bíonn trí chuid sa chur chuige seo.

- **Réamhchumarsáid: múineadh teanga nua**
- **Cumarsáid: cleachtadh ar an dteanga nua foghlamtha nó úsáid na stráitéisí**
- **Iarchumarsáid: dul siar agus ceartú tar éis an chleachtadh. An teanga a úsáid i gcomhthéacs nua.**

Feidhmeanna Teanga (lch.20-27)

Is é an feidhm teanga ann ná úsáid na teanga chun cuspóir cumarsáide a chómhliónadh. Beidh liosta d’eiseamláirí na bhfeidhmeanna teanga le feiceáil i ngach seomra ranga (féach Aguisin 1) Táimid chun an gréile seo a úsáid mar threoir don bhfoghlaim agus don teagasc sa scoil seo. Is féidir linn na h-éisleamláirí a chur in oiriúint don chleachtas ranga, do riachtanaisí teanga an pháiste (ag brath ar suim agus cúlra na páistí sa cheantar agus scoil seo). Beidh

leanúnachas agus forbairt ar fud na scoile. Is féidir cuir leis an liosta seo de réir a chéile. Nuair atá nathanna bunaithe ar na téamaí foghlamtha agus in úsáid ag páistí, is féidir iad a mharcáil ar an liosta. Leanfar an liosta céanna lena páistí ó rang go rang de réir mar a théann siad tríd na scoile.

Snáitheanna an Churaclaim

Éisteacht

Tá sé fíorthábhachtach an teanga a h-úsáid go neamhfhoirmiúil i gnáth cúrsaí an lae chun an Ghaeilge a chur chun cinn. Beidh na páistí ag éisteacht leis an teanga go neamhfhoirmiúil m.sh sa rang nuair atá an múinteoir ag bainistiú ranga. Cabhraíonn sé seo go mór le sealbhú teanga. Cuirtear béim ar scil na h-éisteachta i rith an cheachta chomh maith – éisteacht go foirmiúil.

Labhairt

Tá béim sa scoil seo ar labhairt na Gaeilge. Ba mhaith linn go mbeadh na páistí in ann labhairt go simplí faoi na topaicí a bhfuil spéis acu iontu agus go mbeadh siad in ann caidreamh bunúsach sóisialta a dhéanamh. Tugann an fhoireann deiseanna foghlama do pháistí i gconaí ionas go mbeadh siad in ann cumarsáid labhartha a dhéanamh go rialta chun an teanga a fhorbairt. Chun an aidhm seo a bhaint amach spreagfaimid na páistí chun labhairt i nGaeilge go neamhfhoirmiúil chomh minic agus is féidir i rith an lae agus chun labhairt go foirmiúil nuair atá rang ar siúl.

Léitheoireacht

Tosaíonn clár ullmhúcháin don litreacht i ranganna na naíonan le rainn, cluichí teanga, amhráin agus pictiúrleabhair, scéalta, na leabhair mhóra, teanga bhainistíochta ranga agus eile. Beidh béim ar fud na scoile ar **phrionta sa timpeallacht** áit go mbeidh fógraí bunaithe ar riachtanaisí teanga an pháiste le feiceáil sna ranganna agus pasáistí ar fud na scoile. Tárlaíonn tús na léitheoireachta go foirmiúil i Rang 2. Tá fothscileanna na léitheoireachta sa Bhéarla sealbhaithe ag na páistí ach cuirfear béim anois ar fhogharluach na Gaeilge. Beidh deiseanna léitheoireachta éagsúla a sholáthar sa scoil seo, mar shampla –

- léitheoireacht faoi stiúir,
- léitheoireacht pháirteach,
- léitheoireacht roinnte,
- léitheoireacht aonair,
- taoiléitheoireacht,
- tionscnaimh léitheoireachta ilrangach.

Scríbhneoireacht

Tárlaíonn tús na scríbhneoireachta i rang 2 le cóipeáil frásaí agus abairtí bunaithe ar na téamaí &rl. Téann an scríbhneoireacht chun cinn le tascanna scríbhneoireachta m.sh. ailt bunaithe ar nuacht pearsanta. Tá gá le cleachtadh i scríbhneoireacht fheidhmiúil agus cruthaitheach. Táimid chun raon leathan de chleachtaí scríbhneoireachta a chur ar fáil sa scoil. Tosaíonn obair ar litriú go neamhfhoirmiúil i Rang 2 agus leanann sé ar aghaidh tríd an scoil. Tá an clár seo bunaithe ar an léitheoireacht agus riachtanaisí teanga na bpáistí. Tá an ghramadach á fhoghlaim de réir a chéile agus nascaithe leis na h'acmhainní/teanga atá in úsáid. Bíonn béim ar úsáid agus cumarsáid i gconaí i bhfoghlaim na gramadaí.

Tá samplaí de ghníomhartha sna snáitheanna éagsúla le feiceáil in Aguisín 2. Tá cóip ag gach múinteoir de na gníomhartha sin dá rang féin agus baintear úsáid as mar threoir chun féachaint chuige go bhfuil cleachtas leathan ar siúl. Tá beartas gramadach agus fóclóir againn freisin agus leanann na ranganna go léir an beartas sin.

Comhthathú na Snáitheanna

Chomh minic agus is féidir déantar na snáitheanna a nascadh. Tá sé fíor dheacair gan nascadh a bheith i gceacht. Is deacair éisteacht gan labhairt agus ar an gcuí chéanna téann léitheoireacht, éisteacht agus labhairt le chéile. Sa chur chuige cumarsáideach nasctar na snáitheanna.

Téamaí, Modhanna Múinte agus Stráitéisí

(treoirlínte lch64-68)

Téamaí

- Tá 10 téama ann a roghnaíodh toisc go mbaineann siad len saol an pháiste:
- Mé Féin
- Sa Bhaile
- An Scoi
- Bi
- An Teilifís
- Siopadóireacht
- Caitheamh Aimsire
- Éadaí
- An Aimsir
- Ócáidí Speisialta

Táimid chun fó-théamaí bunaithe ar shaol na bpáistí agus topaicí a bhfuil spéis acu iontu a roghnú faoi na deich dtéamaí.

Modhanna Múinte

Tá sé mhodh múinte ann:

- An modh díreach
- Modh na sraithe
- Modh na lánfhreagartha gníomhaí
- An modh closlabhartha
- An modh closamhairc
- Modh na ráite

Stráitéisí

- Agallaimh mar ionchur d'imirt i rólanna
- Cluichí teanga
- Tascanna agus fadhbanna
- Druileanna
- Dramaíocht
- Fiseáin (Tá cláracha á thairfead ó TG4)
- Scéalaíocht
- Dánta
- Amhráin
- Seanfhocail
- Plé

Baintear úsáid as raon leathan de mhodhanna múinte agus straitéisí i ngach ceacht.

Gaeilge Neamhfhoirmiúil

Sa scoil seo úsáidtear an Ghaeilge chomh minic agus is féidir i rith an lae. Cloisfidh na leanaí an Ghaeilge in úsáid go neamhfhoirmiúil mar ghnáth theanga cumarsáide. Chomh minic agus is féidir beidh bainistiú ranga i nGaeilge. Bainfimid úsáid as “Raidió na Scoile i rith na bliana tabharfaidh na múinteoirí duais do Gaeilgeoir na Seachtaine.” Beidh béim spéisialta ar labhairt na Gaeilge i dtimpeallacht na scoil. Feicfidh na páistí prionta sa timpeallacht i bhfógraí agus cómhartaí. Déanfaimid iarracht uaireanta ar an téacsleabhair a chuir i leathtaoibh agus díreoidimid ar ghníomhartha éagsúla sa Ghaeilge;

-Leabhair a scríobh

-Leabhair a léamh

-Filíocht

-Féachaint ar TG4

-Éisteacht le h-Amhráin Gaeilge

Pleanáil an Mhúinteora

Tá pleanáil riachtanach. Is gá do ghach múinteoir pleanáil fadthéarmach agus gearrthéarmach a dhéanamh, coimeadtar cuntas ar dhul chun cinn sa chuntas míosúil.

Áiseanna

Cuirtear leis na h-áiseanna ó am go h-am agus beidh sé mar dhualgas ar múinteoir áirithe é seo a dhéanamh. Cuirtear béim ar úsáid na hidirlíne mar foinse de áiseanna nua

Éagsúlacht Cumais

Sa scoil seo déanfar iarracht freastal ar éagsúlacht cumais na bpáistí trí mhódhanna múinte, straitéisí éagsúla agus achmhainní difriúla a h-úsáid.

Comhtháthú le hÁbhair Eile

Déanfaimid iarracht roinnt Gaeilge a úsáid chomh minic agus is féidir in ábhair dhifriúla sa scoil i rith na bliana, beidh saoirse ag múinteoirí a rogha féin a dhéanamh m.sh. d’fhéadfadh múinteoir rang Ealaíne nó Corp Oideachais a dhéanamh trí Ghaeilge, nó roinnt Ghaeilge a úsáid i rith an ranga.

Measúnú

Seo iad na huirlisí atá in úsáid againn:

- Liosta na bhfeidhmeanna teanga
- Dírbhreachán an mhúinteora (Beidh seo bunaithe ar leibhéal cumarsáide na páistí a fhorbairt)
- Tascanna agus trialacha deartha ag an múinteoir
- Bailiúchán d’obair an pháiste
- Tionscnaimh Oibre na bpáistí

Obair Bhaile

Tugtar obair bhaile sa Ghaeilge chun athneartú a dhéanamh ar an obair scoile agus nasc a chothú leis an mbaile.

Forbairt Foirne

Tugtar spreagadh do na hoidí cúrsaí dhéanamh chun feabhas a chur ar a gcuid Ghaeilge nó ar scileanna, stratéisí nó modhanna múinte a chleachtadh nó foghlaim. I rith na bliana tugtar spás don Ghaeilge sna cruinnithe mhúinteora. Tá sé an tábhachtach go mbíonn na hoidí compórdach a lorg nó cabhair a thabhairt dá chéile. Toisc go bhfuilimid páirteach do scéim an Gaelbratach bainfimid úsáid as cabhair tacaíocht óna éascaitheoirí

Tuismitheoirí agus an Ghaeilge

Déanaimid iarracht suim sa teanga i measc na tuismitheoirí a chothú le linn Seachtain na Gaeilge. Beidh an PTA páirteach sna gníomhachtaí i rith na seachtaine seo.

I rith an triú téarma i 2018 bhí ranganna Ghaeilge eascaithe do na thuismitheoirí agus i rith Seachtain na Gaeilge thug grúpanna ceachtanna neamhfhoirmiúl ar maidin sa chlós do ma thuismitheoirí. Sé ar plean gníomhaíochtaí cosúil seo a chur i bhfeidim go rialta chun suim a chothú sa teanga i measc na thúismitheoirí.

Comhionannas

Déantar iarracht freastal ar chearta gach pháiste.

Critéir Ráthúlachta

Leanfaidh nósanna an mhúinteora an phlean. Beidh cóip de na feidhmeanna teanga, gníomhartha oiriúnacha agus plean gramadach ag gach múinteoir chun úsáid a bhaint astu. Cabhróidh sé seo comhthéacs ranga a thabhairt don phlean.

Tabharfaidh Comhairleoir cuairt orainn chun múnlóireacht agus cleachtas ranga a thaispeáint dúinn.

Athbhreithniú

Déanfar athbhreithniú ar an bplean i

Daingniú agus Cumarsáid

Tabharfar an plean don BOM i chun é a phlé agus a fheabhsú más gá.

Beidh cóip ar fáil san Oifig do thuismitheoirí gur mian leo é.

SÍNÍÚ _____

Príomh Oide
Cathaoirleach BOM

DÁTA _____